

Príomhshaineolaí ar Fhaisnéis Eipidéime / Grúpcheannaire um Fhaisnéis Eipidéime

Aonad: Feidhmeanna Sláinte Poiblí
Tagairt: ECDC/AD/2021/PHF-GLEI

Iarrtar iarratais ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

Sainchuntas poist

Tá sé beartaithe ag ECDC duine amháin a earcú chun an folúntas thuasluaite a líonadh. Tá sé mar aidhm ag ECDC liosta ionadaithe a chur ar bun freisin, a fhéadfar a úsáid chun aon fholúntas sa réimse seo a líonadh amach anseo.

Beidh an sealbhóir poist i gceannas ar an nGrúpa um Fhaisnéis Eipidéime laistigh den Rannóg Faireachais agus tuairisceoidh sé/sí do Cheann na Rannóige Faireachais laistigh den Aonad Feidhmeanna Sláinte Poiblí.

Is é atá i gceist leis an bpost cúraimí comhordúcháin, bainistíochta, teicniúla agus pleanála a chur i gcrích, lena n-áirítear gníomhaíochtaí amach anseo a fhorbairt, i réimse na faisnéise eipidéime chun a áirithiú go mbraithfear bagairtí galair thógálaigh go tráthúil, go ndéanfar measúnú agus faireachán tráthúil orthu agus go gcuirfear iad in iúl go tráthúil don Aontas Eorpach/Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Beidh an sealbhóir poist freagrach as na réimsí oibre seo a leanas go háirithe:

- An fhoireann faisnéise eipidéime a bhainistiú, agus é/í ag áirithiú dinimic éifeachtach foirne, ag cur dearcadh dearfach seirbhíse chun cinn, ag soláthar aiseolas feidhmíochta atá tráthúil agus leordhóthanach agus ag cothú deiseanna forbartha foirne;
- Gníomhaíochtaí ECDC um brath bagairtí agus faisnéis eipidéime a chomhordú agus iad a fheabhsú go leanúnach agus cur chun feidhme phlean oibre bliantúil na foirne a áirithiú, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais;
- A áirithiú go gcuirfear an próiseas um brath bagairtí i gcrích de réir na gcaighdeán cáilíochta is airde, agus leas á bhaint as uirlisí nuálacha agus teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh scagtha, bailiú sonraí, anailíse, léirshamlaithe agus cumarsáide, lena n-áirítear sásraí iomchuí meastóireachta agus táscairí iomchuí feidhmíochta a bhunú;

- A áirithiú go gcuirfear na sonraí a bhailítear trí ghníomhaíochtaí faisnéise eipidéime ar fáil ar fud na heagraíochta ar bhealach a fhágann gur féidir iad a athúsáid chun críocha eile, amhail anailísí faireachais atá bunaithe ar tháscairí agus samhaltú matamaiticiúil;
- A áirithiú go scaipfear fionnachtana faisnéise eipidéime go tráthúil ar gheallsealbhóirí ábhartha inmheánacha agus seachtracha trí mhodhanna iomchuí cumarsáide a úsáid;
- Idirchaidreamh láidir agus comhoibriú gníomhach a áirithiú le heintitis eagraíochtúla eile in ECDC, le geallsealbhóirí ábhartha sna Ballstáit, leis an gCoimisiún Eorpach, leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile, agus béim ar leith á cur ar bhagairtí a bhrath agus a mheasúnú go luath;
- Saineolaithe de chuid ECDC, na mBallstát agus na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta a oiliúint i réimse na faisnéise eipidéime;
- Cur le gníomhaíochtaí eile ECDC de réir mar is gá, sa réimse saineolais atá aige nó aici;
- Ceanglófar ar an sealbhóir poist páirt a ghlacadh i gcóras dualgais 24/7 ECDC.

Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

A. Ceanglais fhoirmiúla

Chun a bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais sin:

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna fhiánu le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna fhiánu le dioplóma agus taithí ghairmiúil ábhartha 1 bhliain amháin ar a laghad sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad¹;
- Taithí ghairmiúil 9 mbliana ar a laghad² (tar éis bhronnadh an dioplóma);
- Eolas cruinn ar cheann amháin de theangacha oifigiúla AE agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile AE sa mhéid is gá chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh³;
- A bheith ina náisiúnach de cheann de Ballstáit an Aontais Eorpaigh nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach⁴;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

¹ Ní chuirtear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údarais sna Ballstáit sin.

² Cuirtear seirbhís mhíleata éigeantach san áireamh i ngach cás.

³ Iarrthóirí a bhfuil teanga acu nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í nó a bhfuil Béarla acu mar mháthairtheanga, ní mór dóibh leibhéal an dara teanga a chruthú le teastas (B1 nó níos mó). Ina theannta sin, chun bheith incháilithe d'ardú céime trí nós imeachta bliantúil um ardú céime, ní mór do na baill foirne buneolas a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus sna Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

⁴ Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil, rud ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil ar bith aige/aici.

B. Critéir roghnúcháin

Tá critéir riachtanacha maidir le taithí ghairmiúil agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad sin:

Taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil:

- Céim ollscoile nó iarchéime i réimse na sláinte poiblí nó na heipidéimeolaíochta;
- Taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad a gnóthaíodh i bpoist a bhaineann leis an sainchuntas poist.
- Taithí shonrach ar ghníomhaíochtaí faisnéise eipidéime a chur i gcrích, ó thaobh cúrsaí oibríochtúla de agus ó thaobh cúrsaí coincheapúla de araon ar an leibhéal idirnáisiúnta nó ar an leibhéal náisiúnta.
- Taithí ar fhoirne a stiúradh agus a bhainistiú. B'fhearr gur gnóthaíodh an taithí sin mar bhainisteoir líne.
- Dea-eolas ar uirlisí agus modhanna faisnéise eipidéime agus an cumas chun úsáid inniúil a bhaint astu, lena n-áirítear an cumas chun bunachair sonraí, pacáistí bogearraí staidrimh agus teicneolaíochtaí a úsáid chun faisnéis eipidéimeolaíoch a bhainistiú, a anailísiú agus a chur in iúl.
- Sárthuisicint ar Bhéarla scríofa agus labhartha;

Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Scileanna cruthaithe eagrúcháin agus an cumas chun an obair de chuid foirne agus bainistiú an bhuiséid chomhfhreagraigh a phleanáil;
- An cumas oibriú de réir spriocdhátaí dochta, chun deacrachtaí a réamh-mheas agus chun bearta maolaitheacha a mholadh, de réir mar is gá;
- An cumas oibriú i gcomhar le daoine eile agus dlúthchaidrimh oibre a chothú;
- An cumas daoine eile a chumhachtú, a spreagadh agus ceannaireacht a thabhairt;
- A bheith dírithe ar ardchaighdeán a bhaint amach agus ar sheirbhís a chur ar fáil.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh go gcuirfeadh an coiste roghnóireachta riachtanais níos doichte i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

Comhionannas Deiseanna

Is fostóir comhdheiseanna é ECDC agus molann sé go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh, gan aon idirdhealú bunaithe ar fhórais amhail aois, cine, polaitíocht, fealsúnacht nó creideamh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumais.

Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist bunaithe ar ghearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. Iarrfar ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí tabhairt dá n-aire go bhféadfadh go bhfógrófaí an moladh go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an

ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir rathúil mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, go ceann tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan ina dhiaidh sin. Ceapfar an t-iarrthóir rathúil chuig grád **AD 8**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh naoi mí i gcrích go rathúil.

I gcomhair tuilleadh eolais maidir le coinníollacha conartha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo:

<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140501>

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

Liosta ionadaithe

D'fhéadfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh

Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig

Recruitment@ecdc.europa.eu, agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.

Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhéarr í a bheith comhlánaithe i mBéarla⁵. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.

Tá foirm iarratais ECDC le fáil ar ár láithreán gréasáin anseo:

<https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process>

Is é an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach an dáta a fhógraítear sa leagan Béarla den fhógra folúntais. Tá tuilleadh faisnéise faoi stádas an nós imeachta roghnúcháin seo, mar aon le faisnéis thábhachtach faoin bpróiseas earcaíochta, ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin ach an nasc thuas a úsáid.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

⁵ Rinneadh an fógra folúntais seo a aistriú go gach teanga oifigiúil AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhéarr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.